Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)

5308/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0801(NLE)

CO EUR-PREP 10
INST 12
UEM 16
*ECB*

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ceapachán Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh<br>-Nóta faisnéise |

1. I gcomhréir le hAirteagal 283(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), '*Déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di le tromlach cáilithe, ar mholadh ón gComhairle tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh, Uachtarán, Leasuachtarán agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadaíochta nó baincéireachta*.'

2. Le Cinneadh (AE) 2018/509 ón gComhairle Eorpach[1] an 22 Márta 2018, ceapadh Luis DE GUINDOS JURADO mar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh ón 1 Meitheamh 2018 ar feadh téarma oifige 8 mbliana.

3. I litir dar dháta an 12 Samhain 2025, thug Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh, Christine LAGARDE, dá haire go dtiocfaidh deireadh le téarma oifige Luis DE GUINDOS JURADO an 31 Bealtaine 2026[2].

[1] Cinneadh (AE) 2018/509 ón gComhairle Eorpach an 22 Márta 2018 lena gceaptar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 83, 27.3.2018, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/509/io).

[2] 15212/25.

4. An 26 Eanáir 2026, ghlac an Chomhairle an Moladh[3] chuig an gComhairle Eorpach chun Boris VUJČIĆ a cheapadh mar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh le haghaidh téarma oifige 8 mbliana le héifeacht ón 1 Meitheamh 2026.

5. An 29 Eanáir 2026, chinn an Chomhairle Eorpach dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir le ceapachán Boris VUJČIĆ mar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

6. Thíolaic Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh an tuairim uaithi an 25 Feabhra 2026[4].

7. Thíolaic Parlaimint na hEorpa an tuairim uaithi an 10 Márta 2026[5].

8. Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do Choiste na mBuanionadaithe agus don Chomhairle gur comhlíonadh na ceanglais nós imeachta uile chun go bhféadfaidh an Chomhairle Eorpach an Cinneadh lena gceaptar Boris VUJČIĆ mar Leas-Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh ar feadh téarma oifige 8 mbliana le héifeacht ón 1 Meitheamh 2026, mar a leagtar amach in EUCO 7/26 é, a ghlacadh.

---

[3] Moladh ón gComhairle an 26 Eanáir 2026, maidir le ceapachán Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh IO C, C/2026/707, 28.1.2026,ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/707/oj.

[4] 5390/26.

[5] 7211/26.